# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

# STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

**RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS, 1815 – 1993**

**Scrúdú Scríofa: 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, seolta isteach roimh ré: 100 marc**

**DÉ CÉADAOIN, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50**

***Treoracha d'iarrthóirí:***
Freagair na Ranna 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Topaic 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair dhá thopaic as an roinn seo.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1, 2, 3, 4, 5.
Freagair topaic amháin as an roinn seo.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Lyndon Johnson agus Vítneam, 1963-1968***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

**1.** (a) I ndoiciméad A, cén fhianaise atá ann go bhfuil na paratrúipéirí armtha?
(b) Faoi mar atá luaite i ndoiciméad B, cén bhuíon lena mbaineann Desmond Barry Junior?
(c) Faoi mar atá luaite i ndoiciméad B, cad tá á chosaint ag na Meiriceánaigh?
(d) I ndoiciméad A, conas atáthar ag tacú leis na paratrúipéirí ón aer?
(e) Faoi mar atá luaite i ndoiciméad B, cén fáth ar bhain taismigh leis an dara buíon? (40)

**2.** (a) Na paratrúipéirí atá luaite i ndoiciméad A agus scríbhneoir dhoiciméid B, an raibh siad go léir faoi lámhach gunnaí? Mínigh do fhreagra.
(b) Cad a insíonn na doiciméid, A agus B, dúinn faoi nádúr an chogaidh in Vítneam? (20)

**3.** (a) An mbeadh doiciméad B ina ábhar sóláis nó ina ábhar dóláis do thuismitheoirí an údair? Mínigh do fhreagra.
(b) An meallfadh doiciméad A tacaíocht i SAM do Chogadh Vítneam? Mínigh do fhreagra. (20)

**4.** Cén fáth ar chaill na Stáit Aontaithe Cogadh Vítneam? (20)

**- Doiciméad A -**

**Beirt pharatrúipéirí de chuid arm Mheiriceá, agus iad ar a ngogaide sa fhéar ard in Vítneam (1965), ag breathnú i dtreo an limistéir inar chualathas lámhach snípéara.**



**- Doiciméad B -**

**Scríobhann Desmond Barry Junior abhaile ó Vítneam chuig a thuismitheoirí**

Go dtí seo níor scaoil mé urchar go fiú, ná ní raibh mé faoi lámhach de shaghas ar bith. Faoi láthair, tá ár mbuíon i mbun oibre le cosc a chur leis an bhfómhar áitiúil ríse titim i seilbh an VC (Vít Cong).

An chéad oíche a chaith mé sa mhachaire, goineadh triúr fear ó phatról luíocháin as an gcéad bhuíon nuair a phléasc siad bobghreanáid. Maidin inniu, tharla ceithre thaismeach déag don dara buíon, ar a n-áirítear duine marbh amháin, nuair a phléasc siad dhá mhianach.

Go dtí seo ní raibh trioblóid ar bith ag an tríú buíon, mo bhuíonsa. Ach bíonn na bobghaistí seo ceilte chomh maith sin go n-aimseodh siad thú is cuma cé chomh maith agus atá tú.


## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*
**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

A (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Foilsíodh an pictiúr seo de chistin anraith de chuid Chumann na gCarad i gCorcaigh san *Illustrated London News* ar 16/1/1847. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



1. Cén bia atá á ullmhú?
2. Conas atá an bia á ullmhú?
3. Cad atá á dhéanamh ag na daoine ag an bhfuinneog?
4. An dtabharfar bia do na daoine ar dheis? Mínigh do fhreagra.
5. Cén fáth ar mhair an Gorta chomh fada sin?

B (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Tomás Dáibhis.
2. An Mháthair Máire Aikenhead.
3. Cogadh na nDeachúna.
4. An Cairdinéal Paul Cullen.

C (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh le feachtas Dhónaill Uí Chonaill ar son Fhuascailt na gCaitliceach?
2. Cad a chuir William Dargan leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí in Éirinn?
3. Cad a rinne Charles Trevelyan agus/nó Asenath Nicholson mar fhreagairt don Ghorta?
4. Cén rol a d'imir Charles Kickham agus/nó James Stephens i ngluaiseacht an Fhíníneachais?

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sliocht leasaithe é seo as an *Freeman's Journal* a dhéanann cur síos ar chraobh iománaíochta na hÉireann idir Míleac (Co. na Gaillimhe) agus Durlas (Co. Thiobraid Árann), Domhnach Cásca, 1888. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ón uair a chas fir Dhurlais agus fir Mhílic ar a chéile, chaith siad lena chéile leis an dea-mhéin agus an dea-aoibh is mó, agus níor chuir an bua a rugadh ar an dream deiridh athrú ar bith air sin.*

*Tar éis moill ghearr ghléas baill an dá fhoireann iad féin sa chulaith Ghaelach. Chuir an Captaen Lynam, as Míleac, in eagar iad agus sa mhodh míleata d'ordaigh sé isteach ina líne iad, fir Thiobraid Árann chun tosaigh agus fir na Gaillimhe taobh thiar. Ansin dúirt sé "ar dheis casaigí", agus cuireadh ina mbeirteanna iad, gach fear as Tiobraid Árann ina sheasamh gualainn le gualainn le Gaillimheach.*

*Mháirseáil siad san ord sin trí bhaile Bhiorra go dtí an pháirc. Nuair a shroich siad an áit bhí roinnt mílte daoine ag fanacht leo.*

1. Cén t-imeacht a bhfuil cur síos air agus cár tharla sé?
2. Cén fhoireann a bhuaigh?
3. An raibh freastal maith ar an imeacht? Mínigh do fhreagra.
4. Céard a rinne an Captaen Lynam? (Nota achomair)
5. Cad a chuir an tArdeaspag Cróc le CLG?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Micheál Mac Daibhéid.
2. Séamas Ó Conghaile.
3. Edward Carson.
4. Céadpháirtí Shinn Féin.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén ról a d'imir Charles Stewart Parnell sa ghluaiseacht ar son an Rialtais Dhúchais?
2. Conas a lorg Isabella Tod agus/nó Hanna Sheehy-Skeffington feabhsuithe do mhná?
3. Ar éirigh leis an stailc agus leis an bhfrithdhúnadh i mBaile Átha Cliath i 1913 nó ar theip orthu? Déan do chás a áitiú.
4. Cad a chuir Dubhghlas de hÍde agus/nó W.B. Yeats le saol cultúrtha na hÉireann?

## Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sliocht leasaithe as an *Belfast Newsletter* a thuairiscíonn ar sheanmóir a thug an Dr J.B. Woodburn, modhnóir Chomhthionól na bPreisbitéireach a bhí ag éirí as, ar 2 Meitheamh, 1941. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tar éis an Blitz mór a tharla cúpla seachtain ó shin, baineadh geit uafásach asam leis an radharc a chonaic mé de dhaoine ag siúl sna sráideanna. Chaith mé 19 mbliana ag obair i mBéal Feirste, agus ní fhaca mé a leithéid riamh cheana – daoine ainniseacha, fir agus mná bochta go mór faoi mhéid, iad ar ghannchothú.*

*Buamáladh amach as a dtithe iad agus bhí siad ar fáin sna sráideanna. An creidiúint dúinne é go bhfuil daoine dá leithéid i dtír Chríostaí?*

*Caithfimid féachaint chuige go ndéanfar níos mó cainte faoin gceartas; caithfimid féachaint chuige go ndéanfar beart dá réir agus ní mór tús a chur leis an obair sin láithreach. Mura ndéanfar rud éigin anois chun an neamhchothroime chruthanta seo a chur ina ceart, tarlóidh réabhlóid i ndiaidh an chogaidh.*

1. Cérbh é an Dr J.B. Woodburn?
2. Cén fáth a raibh daoine ar fáin sna sráideanna?
3. Cad a bhain geit as an Dr Woodburn?
4. Cén fáth a n-éilíonn an tseanmóir gníomhaíocht chomh maith le caint?
5. Cad a rinne an rialtas i mBhaile Átha Cliath i ngeall ar Blitz Bhéal Feirste i lár Aibreán 1941?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gear ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Éirí Amach 1916.
2. An Chuntaois Markievicz.
3. Liam T. Mac Cosgair.
4. James J. McElligott.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén ról a d'imir Art Ó Gríofa in idirbheartaíochtaí an Chonartha, Deireadh Fómhair – Nollaig, 1921 agus sna himeachtaí ina dhiaidh sin?
2. Cén tábhacht a bhain le Comhdháil Chorp Chríost, 1932?
3. Agus é ina Phríomh-Aire, cén rol a d'imir James Craig i ngnóthaí Thuaisceart Éireann?
4. Cén ról a d'imir Éamon de Valera maidir leis an gcaidreamh Angla-Éireannach idir 1932 agus 1945?

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sliocht leasaithe é seo as litir ó Éamon de Valera i Meiriceá chuig Art Ó Gríofa in Éirinn. Is é an ceannteideal atá uirthi 'The Waldorf-Astoria Hotel, New York' agus an dáta 9/7/1919 uirthi. Déan staidéar ar an sliocht agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Is iad na trí phríomhchuspóir atá agam:*

- *Aitheantas neamhoifigiúil a fháil don Phoblacht.*
- *Spéis a chothú i measc na bhfear saibhir den chine [Éireannach] i bhforbairt thionsclaíoch na hÉireann.*
- *An banna a chur ar an margadh [chun airgead a chruinniú].*

*Is é an deacracht is mó ná eagar a chur ar an gcomhbhá atá ann dár gcúis, rud atá ann go forleathan, agus í a chur ag obair ar mhaithe le haidhm chinnte. Níl lucht na nuachtán naimhdeach – ach tá na Sasanaigh ag cruinniú a gcuid fórsaí inár gcoinne.*

Foinse: Diarmaid Ferriter, *Judging Dev* (2007)

1. Cá raibh de Valera ag fanacht i Nua-Eabhrac?
2. Cad lena aghaidh a bhí de Valera ag lorg aitheantais?
3. Conas mar a bhí de Valera ag lorg cúnamh airgeadais?
4. Cén fhoinse freasúra dá chuid iarrachtaí a luann de Valera?
5. Conas a chuir de Valera i Meiriceá le teannas idir Ghaeil-Mheiriceánaigh?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr faoi cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Mothúcháin fhrith-Éireannacha sa Bhreatain sa naoú haois déag.
2. An tArdeaspag Daniel Mannix.
3. Domhnall Mac Amhlaigh.
4. Maureen O'Hara.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na dálaí a bhí roimh na himircigh Éireannacha ag Grosse Îsle?
2. Cén fáth a ndeachaigh Éireannaigh ar imirce agus cá ndeachaigh siad le linn na tréimhse 1920-1966?
3. Cén tionchar a bhí ag Joe Kennedy agus/nó ag John F. Kennedy ar Ghaeil-Mheiriceánaigh?
4. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Misean an Spioraid Naofa go dtí an Nigéir le linn na tréimhse 1945-1966?

## An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Léiríonn an cartún thíos imeacht a tharla le linn "na dTrioblóidí" i dTuaisceart Éireann. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



" 'Tis no use writing to our MP about it—'twas her that threw the bomb! "

1. Cén t-imeacht atá tar éis tarlú sa chartún?
2. Ar tharla an t-imeacht seo le linn an lae nó le linn na hoíche? Tabhair cúis le do fhreagra.
3. Cén fáth nach scríobhfaidh an lánúin seo chuig a bhFeisire Parlaiminte (MP) maidir leis an imeacht?
4. Ba í Bernadette Devlin an Feisire Parlaiminte a bhí i gceist. Arbh Fheisire Aontachtach/Dílseora nó Poblachtach/Náisiúnach í?
5. Tabhair cúis amháin ar tháinig deireadh leis "na Trioblóidí" tar éis 1993.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An stát leasa shóisialaigh i dTuaisceart Éireann.
2. Seamus Heaney.
3. Tionchar "na dTrioblóidí" ar an ngnáthshaol i dTuaisceart Éireann.
4. Ian Paisley.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar fhoinse teannais i nDoire iad gníomhaíochtaí Phrintísigh Dhoire?
2. Cén ról a d'imir John Hume i ngnóthaí Thuaisceart Éireann?
3. Mar Phríomh-Aire na Breataine, cad iad na polasaithe a lean Margaret Thatcher maidir le Tuaisceart Éireann?
4. Cad a moladh i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Comhaontú Sunningdale, 1973; An Comhaontú Angla-Éireannach, 1985; Dearbhú Shráid Downing, 1993?

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

A (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Is sliocht leasaithe é seo as an réamhrá a scríobh T.K. Whitaker le *Economic Development* (1958). Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tar éis 35 bliain den rialtas dúchais tá daoine ag fiafraí cé acu an féidir linn méid inghlactha de dhul chun cinn san eacnamaíocht a bhaint amach.*

*Is é an gnáthábhar comhrá i measc daoine sna bailte, chomh maith le faoin tuath, ná go gcaithfidh a bpáistí dul ar imirce chomh luath agus a bhíonn an t-oideachas curtha i gcrích acu, d'fhonn slí bheatha réasúnta a chinntiú.*

*Do na páistí iad féin, agus do chuid mhaith atá fostaithe cheana féin, ní bhíonn cuma tharraingteach ar na jabanna atá ar fáil sa bhaile i gcomparáid leo siúd atá aimsithe, atá chomh héagsúil agus chomh héasca sin le fáil, in áiteanna eile.*

*Dealraíonn sé go bhfuil sé seo mar a bheadh sé ag bunú ciorcal lochtach d'imirce atá ag dul i méid, a bhfuil mar thoradh air margadh baile níos lú, dífhostaíocht mhéadaithe agus laghdú ar an gcaighdeán maireachtála.*

1. Cad a bhí á fhiafraí ag daoine?
2. Cén fáth a raibh an imirce ar siúl?
3. Cén toradh a bhí ar an imirce?
4. Cad ba ghá chun na dálaí a fheabhsú?
5. Cén post a bhí ag T.K. Whitaker sa bhliain 1958?

B (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Athruithe ar chúrsaí oideachais in Éirinn, 1949-1989.
2. An bhaint a bhí ag Éirinn leis na Náisiúin Aontaithe (NA).
3. An tArdeaspag John Charles McQuaid.
4. Sylvia Meehan.

C (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a bhain Seán Lemass amach mar Thaoiseach?
2. Conas a chuaigh RTÉ agus Gay Byrne i bhfeidhm ar an saol in Éirinn?
3. Conas a chuaigh an CEE i bhfeidhm ar chúrsaí iascaireachta na hÉireann agus/nó ar ghnéithe eile den saol in Éirinn?
4. Cad a chuir Charles Haughey leis an saol in Éirinn?

**ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR**
**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

A (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Is sliocht leasaithe é seo ina bhfuil tuairim scríbhneora nua-aimseartha ar Pháras Haussmann. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Bhronn Haussmann ar Pháras cúig mhíle is ochtó de shráideanna nua le lánaí leathana agus cosáin faoi scáth crann.*

*Bhí dúil an-mhór ag Haussmann i sraithradharcanna [radhairc dheasa]. Breathnaíonn an Place de l'Étoile an-bhreá ón aer; is trua nach bhfeictear ón uillinn sin í de ghnáth. Rinne Napoléon III gearán go ndearna Haussmann neamhshuim de riachtanais an tráchta mar gheall ar an gcion a bhí aige ar línte díreacha. Fágadh an stáisiún traenach nua, mar shampla, gan bealaí rochtana sách maith.*

*Ba é tionchar Napoléon III ba chúis leis na rudaí ab fhearr in athphleanáil Pháras. Forbraíodh ráschúrsa in Longchamps; ba ghearr go ndearnadh ionad faiseanta sóisialta de. Ba é Napoléon III a bhí freagrach freisin as Les Halles, an lármhargadh cáiliúil, a thógáil mar struchtúr ollmhór miotail agus gloine.*

Foinse: Alfred Cobban, *A History of France*, imleabhar 2

1. Cén uillinn óna bhfuil an radharc is breátha ar an Place de l'Étoile?
2. Cén fáth a ndearna Napoléon III gearán?
3. Conas mar a forbraíodh Longchamps?
4. Cén t-ábhar as ar tógadh an margadh in Les Halles?
5. Cé leis a dtaobhaíonn an scríbhneoir, le Haussmann nó le Napoléon III? Mínigh do fhreagra.

B (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Robert Peel.
2. Seirfeachas sa Rúis.
3. Charles Darwin.
4. Victor Hugo.

C (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar chuir Robert Owen modh-shráidbhaile ar bun in New Lanark agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis?
2. Cén fáth ar theip ar Réabhlóid 1848 sa Ghearmáin?
3. Cad a chuir Giuseppe Mazzini agus/nó Otto von Bismarck le haontú a thíre?
4. Cad iad láidreachtaí agus laigí Napoléon III mar rialtóir na Fraince?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Is sliocht leasaithe é seo as an *Manchester Guardian* (16/3/1917) ina ndéantar trácht ar an mbagairt stailce a rinne tiománaithe tacsaí fireanna i Londain tar éis dóibh a chloisteáil go raibh mná chun ceadúnais a fháil le tacsaithe a thiomáint. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Le go n-éireodh le stailc, ní mór go mbeadh sí ar siúl le prionsabal a chosaint a bhfuil roinnt tacaíochta ón bpobal aici. Is é an t-aon phrionsabal a bhfuil na fir ag seasamh ar a shon sa stailc seo ná, fiú nuair a bhíonn mná oiriúnach chun obair fir a dhéanamh, gur cheart iad a thoirmeasc air sin a dhéanamh.*

*Dá mba rud é gur chiallaigh fostú ban mar thiománaithe mótair laghdú ar an leibhéal scile i gcoitinne sa cheird, dálaí oibre a dhéanamh níosa measa, nó an pá a ísliú, bheadh fíorphrionsabal i gceist. Ach níl cúinsí dá leithéid i gceist sa ghnó seo.*

*Tá na céadta ban tar éis ionad na bhfear a ghlacadh mar thiománaithe mótair don arm agus do Chumann na Croise Deirge, sa bhaile agus thar lear. Tá na mílte eile fostaithe chun mótair thráchtála a thiomáint. Chruthaigh siad, má bhí gá ar bith le cruthú, go bhfuil ar a gcumas go maith an obair sin a dhéanamh.*

1. Luaigh coinníoll amháin sheasfadh le stailc, dar leis an scríbhneoir.
2. Cén fáth a raibh na tiománaithe tacsaí fireanna i gcoinne na mná a bheith ag tiomáint tacsaithe?
3. Cén sórt tiomána a bhí á dhéanamh ag mná cheana féin?
4. Cé leis a bhfuil an *Manchester Guardian* ag taobhú, leis na tiománaithe tacsaí fireanna nó leis na mná? Mínigh do fhreagra.
5. Seachas tiomáint, cén cion a rinne mná don lucht saothair sa Chéad Chogadh Domhanda?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Teaghlach Krupp.
2. Polasaí cabhlaigh Wilhelm II.
3. An frith-Ghiúdachas san Fhrainc agus/nó sa Rúis.
4. Woodrow Wilson agus an Eoraip.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh le hOtto von Bismarck mar Sheansailéar na Gearmáine?
2. Cén fáth a raibh Marie Curie ina dhuine tábhachtach i bhforbairt na heolaíochta agus an leighis?
3. Cad iad na príomhfhorbairtí i gcéadcheapadh agus i luathstair an ghluaisteáin?
4. Cad a d'fhoghlaim tú faoin gCéad Chogadh Domhanda ón staidéar a rinne tú ar Douglas Haig agus/nó ar Wilfred Owen?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Is pictiúr é seo de Mháirseáil Jarrow, Deireadh Fómhair 1936, nuair a mháirseáil oibrithe ó Jarrow go Londain mar agóid in aghaidh fhadhbanna na dífhostaíochta agus na bochtaineachta a bhí rompu. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.




1. Cár thosaigh an mháirseáil agus cár chríochnaigh sí?
2. Cén fáth a raibh na máirseálaithe ag déanamh agóide?
3. Céard a bhí ar bun ag na máirseálaithe ar thaobh na láimhe deise?
4. Cén modh iompair atá le feiceáil?
5. Ar éirigh le 'Crosáid Jarrow'? Mínigh do fhreagra.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Vladimir Ilyich Lenin.
2. Caidreamh na hEaglaise leis an stát sa Ghearmáin faoi Hitler.
3. Winston Churchill.
4. An frith-Ghiúdachas agus an tUileloscadh.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An aontófá gur thubaiste don Iodáil é ceannas Benito Mussolini? Déan do chás a áitiú.
2. Cad a chuir Slógaí Nuremberg agus/nó Leni Riefenstahl le réimeas na Naitsithe?
3. Cén fáth ar chuir Stailín seó-thrialacha ar bun agus ar bhain siad amach an toradh a raibh súil aige leis?
4. Cén cion a rinne Charlie Chaplin agus/nó Bing Crosby don tsiamsaíocht?

**Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992**

A (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht thíos míníonn an ceannaire Sóivéadach, Iosáf Stailín, cén fáth a ndeachaigh an tAontas Sóivéadach i dtreis in Oirthear na hEorpa. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Níor chóir dearmad a dhéanamh ar na cúinsí seo a leanas.*

*Rinne na Gearmánaigh an tAontas Sóivéadach a ionradh tríd an bPolainn, tríd an Rómáin, tríd an Bhulgáir agus tríd an Ungáir. Bhí na Gearmánaigh ábalta sin a dhéanamh mar go raibh na rialtais sna tíortha sin ag an am naimhdeach leis an Aontas Sóivéadach.*

*I ngeall ar ionradh na nGearmánach, chaill an tAontas Sóivéadach thart ar seacht milliún duine san iomlán. Is é sin le rá gur chaill an tAontas Sóivéadach suas le trí oiread is a chaill an Bhreatain agus na Stáit Aontaithe curtha le chéile.*

*Ní fhéadfadh an tAontas Sóivéadach dearmad a dhéanamh orthu siúd. Agus mar sin, cén t-iontas go bfhuil an tAontas Sóivéadach buartha faoina shábhailteacht amach anseo agus go bhfuil sé ag iarraidh a bheith cinnte de go mbeidh rialtais a bheidh dílis don Aontas Sóivéadach i réim sna tíortha seo in Oirthear na hEorpa?*

1. Cad iad na tíortha a ndearnadh na Gearmánaigh an tAontas Sóivéadach a ionradh tríothu?
2. De réir Stailín, cén chaoi ar tharla sé go raibh na Gearmánaigh ábalta an tAontas Sóivéadach a ionradh trí na tíortha sin?
3. Cé mhéad saoránach de chuid an Aontais Shóivéadaigh a maraíodh sa chogadh?
4. Cén bealach a mholann Stailín le sábháilteacht an Aontais Shóivéadaigh a chinntiú amach anseo?
5. Luaigh géarchéim mhór amháin a bhain leis an gCogadh Fuar.

B (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Imre Nagy.
2. Nikita Khruschev.
3. John Lennon.
4. An dul chun cinn sa chumhacht núicléach agus/nó sa ríomhaire.

C (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tionchar ar an Eoraip a bhí ag Cúnamh Marshall agus/nó ag Géarchéim na hOla, 1973?
2. Cén tionchar a bhí ag an Dara Comhairle Vatacánach agus/nó ag an bPápa Eoin Pól II ar an Eaglais Chaitliceach?
3. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Margaret Thatcher mar cheannaire polaitíochta?
4. Cén cion a rinne Jean Monnet agus/nó Jacques Delors d'aontacht na hEorpa?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht leasaithe thíos tugann Michael Foot, Feisire Parlaiminte as páirtí an Lucht Oibre sa Bhreatain, a chuid tuairimí ar chúrsaí aimsir Ghéarchéim Suais, 1956. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*An borradh mór a tháinig ar mheon an phobail sa Bhreatain in éadan an chogaidh, ba chúis amháin é sin ar cuireadh deireadh leis an gcogadh in aghaidh na hÉigipte. B'fhéidir gur chúis eile í sláinte an Phríomh-Aire Eden. An tríú cúis ná gur bhagair an tAontas Sóivéadach dul i ngníomh. An ceathrú cúis, agus b'fhéidir an chúis ba threise ar fad, ná an brú díreach ó na Stáit Aontaithe.*

*In áit Canáil Suais a oscailt, druideadh í; in áit an bóthar a thabhairt don Choirnéal Nasser, rinneadh laoch de; in áit an ola a choinneáil ag sileadh, rinneadh ciondáil uirthi; in áit cairde a bhuanú, is é an chaoi ar chailleamar iad. Níor eascair as an eachtra uilig ach malairt ghlan an mhéid a bhí ag teastáil ón rialtas.*

*Ach bhí argóintí ar an taobh eile chomh maith. Nuair a cuireadh deireadh chomh tapa sin le Géarchéim Suais, seachnaíodh cogadh mór, b'fhéidir cogadh leis an Aontas Sóivéadach. Chomh maith leis sin, seachnaíodh cogadh ina mbeadh Iosrael agus na stáit Arabacha páirteach.*

Foinse: Michael Foot, *Aneurin Bevan 1945-1960,* Granada 1975.

1. Cén meon a bhí ag pobal na Breataine maidir leis an gcogadh in aghaidh na hÉigipte?
2. Cad í an tríú cúis a bhí le deireadh a chur leis an gcogadh in aghaidh na hÉigipte?
3. Cén tionchar a bhí ag Géarchéim Suais ar cheannaire na hÉigipte, an Coirnéal Nasser?
4. Cén tionchar a bhí ag Géarchéim Suais ar sholáthar na hola?
5. Ainmnigh tír amháin a thacaigh le gníomhaíocht na Breataine aimsir Ghéarchéim Suais i 1956.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Ho Chi Minh.
2. An bunús atá leis an gcoimhlint idir na hArabaigh agus na hIosraelaigh.
3. Charles de Gaulle agus an Ailgéir.
4. Sese Seko Mobutu.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Ar chuidigh cúlú na Breataine, 1945-1947, leis an India nó ar chuir sé bac uirthi? Déan do chás a áitiú.
2. Sna luath-1960idí, cén fáth ar theastaigh sé ó Katanga dealú leis an gCongó?
3. Cad iad na fadhbanna tipiciúla a bhí roimh oibrithe forbartha san Afraic?
4. Conas a rinneadh sochaí ilchiníoch den Fhrainc agus cad iad na fadhbanna sa chaidreamh idir chiníocha a tháinig chun cinn sna 1980idí?

Leathanach Bán

# Leathanach Bán